An tOmbudsman Eorpach

Page content - 11/02/2016

Is leagan soléite é seo
An tOmbudsman Eorpach
Emily O'Reilly is ainm don Ombudsman Eorpach.

Is as Éirinn í.

Ba í Emily O'Reilly Ombudsman na hÉireann ar feadh deich mbliana.

Iriseoir ab ea í chomh maith, sular thosaigh sí ag obair mar an tOmbudsman Eorpach.
Cad a dhéanann an tOmbudsman Eorpach?
Déanann an tOmbudsman Eorpach imscrúdú ar obair institiúidí an AE.

Uaireanta, déantar botúin in institiúidí an AE.

Is féidir le daoine é sin a chur in iúl don Ombudsman – tugtar gearán air sin.

Cabhraíonn an tOmbudsman Eorpach le daoine a bhfuil gearán acu i gcoinne institiúide an Aontais Eorpaigh.

Is féidir le daoine faoi mhíchumas glaoch a chur ar an Ombudsman, litir a scríobh chuici, nó ríomhphost a sheoladh chuici má bhíonn fadhb acu le hinstitiúid an AE.

Agus má tá aithne agat ar dhuine a cheapann go gcaitheann institiúid an AE go mícheart leo, féadfaidh tú é sin a chur in iúl don Ombudsman.
Conas gearán a dhéanamh?
Uaireanta, ní oibríonn institiúidí an AE mar is ceart.

Léigh an téacs seo a leanas chun a fháil amach conas is féidir gearán a dhéanamh.

Déan gearán leis an institiúid sa chéad dul síos

- Ba cheart duit gearán a dhéanamh le hinstitiúid an AE sa chéad dul síos, ionas go bhféadfaidh siad iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach
- Smaoineamh maith atá ann ainm an duine ar labhraíonn tú leis faoin ngearán a bhreacadh síos
- Smaoineamh maith atá ann a ndeir gach duine leat a bhreacadh síos

Déan gearán leis an Ombudsman Eorpach
- Breac síos d'ainm agus do shloinne

- Breac síos do sheoladh baile, do sheoladh ríomhphoist nó d'uimhir theileafóin
- Breac síos ainm na hinstitiúide AE a bhfuil gearán agat fúithi

Má bhíonn rud mícheart á dhéanamh ag institiúid an AE, féadfaidh tú é sin a chur in iúl don Ombudsman, fiú mura bhfuil tú féin ag iarraidh gearán oifigiúil a dhéanamh.
Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman
Féadfaidh tú glaoch ar an uimhir seo: **00 33 3 88 17 23 13**

Féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chuig: eo@ombudsman.europa.eu

Féadfaidh tú litir a scríobh chuig:

An tOmbudsman Eorpach 1 avenue du Président Robert Schuman CS 30403 67001 Strasbourg Cedex FRANCE

Féadfaidh tú an tOmbudsman a leanúint ar Twitter freisin ag: **@EUombudsman**

Inis dúinn le do thoil má tá an fhaisnéis seo ag teastáil uait i dteanga difriúil nó i bhformáid difriúil.

Má tá ceisteanna nó barúlacha agat, cuir ríomhphost chugainn ag eo@ombudsman.europa.eu